


# Gníomhaíocht 4

## Póstaeir a Dhéanamh

### Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta



#### Mapaí Dul Chun Cinn

Eolas a Bhailiú  
Iad Féin a Eagrú  
Tasc a Phleanáil  
Ag Obair Mar Ghrúpa

#### Scil Traschuraclaim

Cumarsáid  
Úsáid TFC

#### Réimsí Foghlama

Ceann ar bith de na Réimsí Foghlama

#### Toradh Foghlama

Beidh na foghlaimeoirí:

- ag obair mar chuid d'fhoireann;
- ag glacadh róil orthu féin;
- ag roghnú eolas cuí; agus
- ag léiriú go bhfuil tuiscint acu ar an lucht léitheoireachta.

#### Áiseanna atá de Dhíth

**Áis 6:** Ár bPóstaeir a Phleanáil  
Cártaí Smaointeoireachta Tacar 1, 2,  
agus 3 ar fáil ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

Póstaeir Shamplacha

Foinsí eolais (mar shampla, leabhair, an t-idirlíon agus daoine eile)

Cairtpháipéar agus trealamh le póstaeir a dhéanamh

#### Eagrú an Ranga

Gníomhaíocht ghrúpa

### Cur Síos

Oibreoidh na foghlaimeoirí i ngrúpaí le póstaeir a dhéanamh a léireoidh an méid atá foghlamtha acu faoi thopaic ranga a rinne siad ar na mallaibh; mar shampla, na Pláinéid. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuiscint mhaith acu ar an topaic sula dtosóidh siad ar an tasc.

#### An Gníomhaíocht

- Cuir réimse póstaeir ar fáil. Iarr ar na foghlaimeoirí labhairt faoi cad é atá i gceist le póstaeir maith, cén cineál eolais atá ar na póstaeir a chuir tú ar fáil agus cad é is/nach maith leo fúthu.
- Déan grúpaí de na foghlaimeoirí agus iarr ar gach grúpa póstaeir a dhéanamh faoi chuid ar leith den topaic a bhfuil siad i ndiaidh staidéar a dhéanamh uirthi.
- Bain úsáid as Áis 6 agus pléigh na rudaí a bheidh orthu a chur ar an phóstaeir.
- Bíodh go leor ama ag na foghlaimeoirí a bpóstaeir a phlé agus a phleanáil, agus iad ag baint úsáid as an leathanach pleanála leis an eolas atá de dhíth orthu a chlárú.
- Bíodh deis ag na foghlaimeoirí a bpóstaeir a chríochnú agus a chur i láthair an ranga.

#### Smaointe don Dífreáil

##### An Leibhéal Deacrachta a Ísliú

- Tabhair ról ar leith do na foghlaimeoirí agus/nó tabhair leagan amach an phóstaeir dóibh.
- Bain úsáid as cártaí smaointeoireachta cuí le cuidiú leis na foghlaimeoirí, ar nós Cárta 1.31 'Foireann mhaith'.
- Cuir fíricí ar fáil in ionad a bheith ag iarraidh ar na foghlaimeoirí iad a chuardach.
- Déan tasc sórtála pictiúr, iarr ar na foghlaimeoirí pictiúir a shórtáil de réir cé acu a bhaineann/nach mbaineann siad lena bpóstaeir.

##### An Leibhéal Deacrachta a Ardú

- Lig do na foghlaimeoirí a bheith ag obair gan ionchur nó gan mórán d'ionchur ó dhuine fásta.
- Bain úsáid as cártaí smaointeoireachta cuí le cuidiú leis na foghlaimeoirí; mar shampla, Cárta 2.38 'Obair mhaith foirne a phleanáil' agus Cárta 3.33 'Cén ról a bheidh ag gach duine?'
- Lig do na foghlaimeoirí ríomhaire a úsáid lena bpóstaeir a chruthú agus a phriontáil.
- Déan comhad fíricí PowerPoint faoin topaic a ndearna sibh staidéar uirthi agus bíodh podchraoltaí fuaime ann chomh maith.

## Áis 6: Ár bPóstaer a Phleanáil

<b>Cad é an topaic?</b>	<b>Cén ról a bheidh ag gach duine sa ghrúpa?</b>
<b>Cad iad na háiseanna a bheidh de dhíth orainn?</b>	<b>Cén teideal a bheidh ann?</b>
<b>Cad iad na fíricí nó an t-eolas a bheidh ann?</b>	
<b>Cad iad na dathanna a úsáidfidh muid?</b>	<b>Cad iad na pictiúir a bheidh ann?</b>
<b>Eolas eile atá tábhachtach.</b>	

